Oifig an
Office of the

Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Director of Public Prosecutions

Ag dul chuig an gCúirt mar Fhinné

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí - 2018

Réamhrá

I gcás cuid mhór íospartach agus finnéithe is ionann dul chun na cúirte agus ócáid strusmhar. Má bhíonn ort fianaise a thabhairt le linn trialach coiriúla, tá súil againn go gcabhróidh an leabhrán seo leat tuiscint a fháil ar cad a tharlaíonn sa chúirt.

Déantar iarracht leis an leabhrán seo freagra a thabhairt ar na ceisteanna is minice a bhíonn ag daoine. Ní dhéileáiltear le gach cor a d'fhéadfadh a bheith ann agus níl sé beartaithe go mbeadh comhairle dlí as an leabhrán seo agat. Sa chás go bhfuil comhairle dlí de dhíth ort, ba chóir labhairt le haturnae

Tá leabhrán againn chomh maith ar 'Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí' ina mínítear go simplí an obair a dhéanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Maidir le cur síos níos mionsonraithe ar obair na hOifige, tá sin le léamh i 'Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí'.

Is féidir leat cóipeanna de na foilseacháin seo a iarraidh ón Oifig (féach na mionsonraí teagmhála ar leathanach 27) nó is féidir leat iad a léamh ar ár láithreán gréasáin **www.dppireland.ie**. Tá roinn ag an láithreán gréasáin seo chomh maith d'íospartaigh agus d'fhinnéithe a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh duit.

Mar eolas

Tá cóipeanna clóite den leabhrán seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ón Oifig. Féach ar na mionsonraí teagmhála ar leathanach 27.

Is féidir leat an leabhrán a íoschóipeáil in aon cheann de na teangacha sin ach cuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin **www.dppireland.ie**:

- Gaeilge
- Béarla
- Arabais
- Fraincis
- Laitvis
- Liotuáinis
- Polainnis
- Portaingéilis (Brasaíleach)
- Rómáinis
- Rúisis
- Síneach (Mandairínis)
- Spáinnis

Clár

Bunfhíricí

1. Cad a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)? 8

2. Cad a dhéanann an Príomh-Aturnae Ionchúisimh? 8

3. Cad a tharlaíonn tar éis do dhuine coir a thuairisciú? 8

4. An bhfuil cineálacha éagsúla cionta coiriúla ann? 9

5. Cad iad na cúirteanna ina ndéileáiltear le coireanna? 10

A bheith mar fhinné

6. Cé hiad na daoine ar féidir leo a bheith ina bhfinnéithe i gcás coiriúil? 11

7. Sa chás gur finné mé, conas a ghlaofar orm chun fianaise a thabhairt? 12

8. Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn an cúisí cúisithe ag na Gardaí? 12

9. Sa chás gur finné nó íospartach mé, an féidir liom leabhar na fianaise a fheiceáil? 13

10. An mbíonn an fíorasc bunaithe ar leabhar na fianaise? 13

11. Cad is teistíocht ann? 13

An cás cúirte

12. Cad a tharlaíonn nuair a thosaíonn an cás sa chúirt? 13

13. An bhfuil aon chúis ann nach leanfaí ar aghaidh le triail? 16

14. Cad is athbhreithniú breithiúnach ann? 16

Cúnamh d'fhinnéithe agus d'íospartaigh

15. Cén cúnamh a bheidh ar fáil domsa más gá dom fianaise a thabhairt mar íospartach coireachta? 17

16. Cén cúnamh a bheidh ar fáil domsa maidir leis an gcostas dul chuig an gcúirt chun fianaise a thabhairt? 18

17. Sa chás go mbeidh fianaise á tabhairt agam mar íospartach, an mbuailfidh mé le foireann an ionchúisimh roimh an triail? 18

18. Cad a tharlaíonn ag an gcruinniú roimh an triail? 19

19. Sa chás gur íospartach coireachta mé, an féidir liom taifead i scríbhinn den triail a fheiceáil? 19

20. Cad a tharlaíonn mura dteastaíonn uaim a bheith sa seomra cúirte in éineacht leis an gcúisí agus mo chuid fianaise á tabhairt agam? 19

21. Cad iad na finnéithe ar féidir leo físnasc a úsáid? 20

22. Sa chás gur íospartach coireachta mé, an féidir liom dlíodóir a fháil chun feidhmiú thar mo cheann sa chúirt? 21

23. An gcoimeádfar m'ainm faoi cheilt nuair a thugaim fianaise? 21

24. An dtabharfar ainm an té atá cúisithe go poiblí? 22

25. Sa chás gur íospartach coireachta mé, conas a fhaigheann an breitheamh agus an giúiré amach cad é an éifeacht a bhí ag an gcoir orm? 23

26. Sa chás gur íospartach mé, an bhfuil sé de cheart agam cúiteamh a fháil? 23

Cás a achomharc

27. An féidir leis an gcúisí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chiontaithe nó na pianbhreithe? 24

28. An féidir leis an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne na pianbhreithe? 25

29. Cé hiad na daoine ar féidir leo a iarraidh ar an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne na pianbhreithe? 25

30. Conas a dhéanann breithiúna sa chúirt achomhairc athbhreithniú ar phianbhreith? 26

31. An bhféadfaidh mé gearán a dhéanamh le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí? 26

- Conas teagmháil a dhéanamh le hOifig an DPP 27
- Teagmhálacha úsáideacha eile 28
- Tuilleadh Faisnéise 30

Bunfhíricí

1. Cad a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)?

Socraíonn an DPP cibé an chóir daoine a chúiseamh nó nár chóir maidir le coireanna a dhéanamh– is é sin, an duine a 'ionchúiseamh'. Is é an DPP a shocraíonn an chúis a chuirfear i leith an duine freisin. Ó chuirtear tús leis an ionchúiseamh, is é Oifig an DPP a bhíonn freagrach as cás an ionchúisimh.

2. Cad a dhéanann an Príomh-Aturnae Ionchúisimh?

Feidhmíonn an Príomh-Aturnae Ionchúisimh ina aturnae ag an DPP agus ina cheannasaí ar Rannán na nAturnaetha in Oifig an DPP. Feidhmíonn foireann Rannán na nAturnaetha thar ceann an DPP i ngach cás ar i mBaile Átha Cliath a bhíonn an chúirt. Feidhmíonn Aturnaetha Stáit Áitiúla thar ceann an DPP nuair is lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bhíonn an chúirt.

3. Cad a tharlaíonn tar éis do dhuine coir a thuairisciú?

Bíonn roinnt céimeanna le glacadh tar éis do dhuine coir a thuairisciú leis an nGarda Síochána (na Gardaí):

- Breacann na Gardaí ráiteas finné ón íospartach nó ón duine a thuairiscíonn coir. Is ionann ráiteas finné agus taifead i scríbhinn ar an ngearán.
- Déanann na Gardaí imscrúdú i leith na coire.

- Ag brath ar a bhfaightear amach, d'fhéadfadh go ngabhfadh na Gardaí an duine a bhfuil amhras faoi go ndearna sé/sí an choir (an té atá faoi amhras).
- Is iad na Gardaí nó an DPP a dhéanfaidh cinneadh an ndéanfar ionchúiseamh. I gcásanna tromchúiseacha, seolann na Gardaí comhad chuig an DPP agus is é an DPP a dhéanann an cinneadh. I gcás cásanna nach mbíonn chomh tromchúiseach céanna, déanann na Gardaí an cinneadh cé go ndéantar an ionchúiseamh in ainm an DPP agus tá an ceart ag an DPP insint do na Gardaí conas déileáil leis an gcás.
- Ansin cúisíonn na Gardaí an duine a bhfuil amhras faoi go ndearna sé/sí an choir.
- Tugann na Gardaí an duine atá faoi amhras chuig breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche. Ón am sin ar aghaidh, 'an cúisí' a thugtar ar an duine atá faoi amhras.
- Socraíonn an breitheamh cibé ar chóir an duine a choimeád sa phríosún (faoi choimeád) go dtí go dtosaíonn an triail nó ar chóir é/í a scaoileadh amach ar bhannaí.
- Socraítear dáta don chúirt.
- Cuirtear tús leis an gcás sa chúirt.

4. An bhfuil cineálacha éagsúla cionta coiriúla ann?

Tá dhá chineál coire ann – cionta achoimre agus cionta indíotáilte.

Cionta Achoimre:

- is cionta iad nach bhfuil chomh tromchúiseach sin;
- éisteann breitheamh iad gan ghiúiré sa Chúirt Dúiche;
- is tréimhse 12 mí an phianbhreith príosúnachta is troime maidir le cion amháin (ach féadfaidh an breitheamh i roinnt cásanna pianbhreith príosúnachta de 2 bhliain ar a mhéid a ghearradh sa chás go mbíonn níos mó ná aon chion amháin i gceist).

Cionta Indíotáilte:

- is cionta níos tromhchúisí iad;
- éisteann breitheamh agus giúiré iad sa Chúirt Chuarda nó sa Phríomh-Chúirt Choiriúil;
- déileáiltear leo uaireanta sa Chúirt Choiriúil Speisialta ina suíonn triúr breitheamh gan ghiúiré;
- bíonn pionóis níos troime ann, lena n-áirítear príosúnacht saoil i gcás coireanna áirithe.

5. Cad iad na cúirteanna ina ndéileáiltear le coireanna?

Tá ceithre chineál cúirt ann – An Chúirt Dúiche, An Chúirt Chuarda, An Phríomh-Chúirt Choiriúil agus An Chúirt Choiriúil Speisialta.

An Chúirt Dúiche

Seo í an chéad Chúirt a dtugann Gardaí an cúisí inti. Déanann breitheamh na nithe seo a leanas sa Chúirt Dúiche:

- éisteann sé/sí mionsonraí faoi na cúisimh atá tugtha i gcoinne an chúisí;

- deir sé/sí an bhfuil an cás réidh lena thriail; agus
- éisteann sé/sí trialacha i gcásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach sin (cionta achoimre) gan ghiúiré.

Is féidir leis an gcúisí pléadáil 'ciontach' nó 'neamhchiontach'. Má phléadálann an cúisí 'neamhchiontach' sa Chúirt Dúiche, glaofaidh an t-ionchúiseamh finnéithe chun fianaise a thabhairt d'fhonn iarracht a dhéanamh cruthú go bhfuil an cúisí ciontach.

An Chúirt Chuarda agus an Phríomh-Chúirt Choiriúil

Sna cúirteanna seo seoltar trialacha maidir le cionta a bhíonn níos tromchúisí ná iad sin a sheoltar sa Chúirt Dúiche. Sna cúirteanna sin, suíonn giúiré i gcomhar leis an mbreitheamh. Is iad an giúiré a shocraíonn an mbíonn an cúisí ciontach nó neamhchiontach.

An Chúirt Choiriúil Speisialta

Tá an chúirt seo cosúil leis an gCúirt Chuarda agus leis an bPríomh-Chúirt Choiriúil, ach amháin:

- ní bhíonn aon ghiúiré inti; agus
- éisteann triúr breitheamh gach cás.

A bheith mar fhinné

6. Cé hiad na daoine ar féidir leo a bheith ina bhfinnéithe i gcás coiriúil?

Is féidir leis an ionchúiseamh nó an chosaint – is iad sin a bhíonn ag cosaint an chúisí - aon duine a bhfuil eolas aige/aici faoi choir, lena n-áirítear an t-íospartach, a ghlaoch chun a bheith ina fhinné nó ina finné ag triail.

7. Sa chás gur finné mé, conas a ghlaofar orm chun fianaise a thabhairt?

Gheobhaidh tú ordú ón gcúirt chun fianaise a thabhairt ag am áirithe agus in áit áirithe – tugtar 'toghairm finné' ar an ordú sin. Gheobhaidh tú an toghairm sin ó na Gardaí.

8. Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn an cúisí cúisithe ag na Gardaí?

I gcásanna níos tromchúisí, nuair a bhíonn an cúisí cúisithe ag na Gardaí, cuirfidh foireann an ionchúisimh an fhianaise i gcoinne an chúisí le chéile. Is éard a thugtar ar an doiciméad ina mbíonn an fhianaise sin ná 'leabhar na fianaise' agus is cuid an-tábhachtach den chás é.

Leabhar na fianaise:

- bíonn ráitis ó fhinnéithe ann, lena n-áirítear an t-íospartach;
- bíonn doiciméid eile ann mar aon le liosta d'aon fhianaise fhisiciúil, mar ghrianghraif nó airm a thaispeánfar sa chúirt.

Nuair a bhíonn an fhianaise ar fad a theastóidh sa triail ón ionchúiseamh cruinnithe, tabharfaidh na Gardaí cóip de leabhar na fianaise don chúisí. Nuair a tharlóidh sé sin, socrófar dáta don triail.

9. Sa chás gur finné nó íospartach mé, an féidir liom leabhar na fianaise a fheiceáil?

Ní féidir. Is féidir leat cóip de do ráiteas féin a fheiceáil, ach ní féidir leat leabhar na fianaise ina iomláine a fheiceáil.

10. An mbíonn an fíorasc bunaithe ar leabhar na fianaise?

Ní bhíonn. Socraíonn an chúirt agus an giúiré an bhreith sa chás bunaithe ar an bhfianaise a chloistear i rith na trialach, ní de bhun a mbíonn i leabhar na fianaise.

11. Cad is teistíocht ann?

Is ionann teistíocht agus ráiteas faoi mhionn de chuid finné (gealltanas ceangailteach de réir dlí ar an bhfinné an fhírinne a insint). Is féidir leis an ionchúiseamh agus leis an bhfoireann cosanta a iarraidh ar an mbreitheamh cead a thabhairt dóibh fianaise a ghlacadh faoi mhionn roimh an triail. Má aontaíonn an breitheamh leis, cuirfidh aturnae nó abhcóide ceisteanna ort i seomra na cúirte agus tú faoi mhionn. Is féidir leis an taobh eile ceisteanna a chur ort freisin.

Scríobhfaidh siad síos do chuid freagraí. Nuair a bheidh an fhianaise tugtha agat, léifidh cléireach na cúirte an teistíocht os ard duit. Má aontaíonn tú go bhfuil an teistíocht i gceart síneoidh tú é.

An cás cúirte

12. Cad a tharlaíonn nuair a thosaíonn an cás sa chúirt?

I gcásanna os comhair giúiré, déanann abhcóide a bhíonn ag obair don DPP cás an ionchúisimh a thíolacadh. Bíonn aturnae ionchúisimh a bhíonn ag obair don DPP ann freisin. Thar ceann mhuintir na hÉireann a fheidhmíonn an fhoireann ionchúisimh seachas thar ceann aon duine amháin faoi leith. Mar sin, cé gur m'fhéidir gur tusa íospartach na coireachta, ní bheidh an DPP ag feidhmiú thar do cheann mar dhuine aonair.

Tosaíonn an t-abhcóide trí mhíniú a thabhairt don ghiúiré faoi ábhar an cháis. Glaonn sé nó sí ar na finnéithe ansin ina nduine agus ina nduine. Nuair a ghlaonn an t-abhcóide ortsa mar fhinné, ní mór duit an fhírinne a insint de réir an dlí.

Déantar cur síos sna míreanna a leanas ar phríomhghnéithe cás cúirte:

Lucht an ghiúiré

Níor chóir go mbeadh aithne agat ar aon duine ar an ngiúiré. Sa chás go bhfuil, ba chóir duit sin a chur in iúl d'aturnae nó d'abhcóide an ionchúisimh. Cinnteoidh an breitheamh nach gceadófar d'aon duine a bhfuil aithne aige/aici ar an íospartach nó ar an gcúisí nó a bhfuil aon bhaint eile acu leis an gcás suí ar an ngiúiré.

Fianaise a thabhairt

Cuirfidh abhcóide an ionchúisimh ceisteanna ort chun do chuid fianaise a fháil. Nuair a chríochnaíonn an t-ionchúiseamh do do cheistiú, is féidir leis an gcosaint tú a cheistiú. Tugtar croscheistiú air sin.

Tús a chur leis an gcosaint

Nuair a chríochnaíonn an t-ionchúiseamh ag ceistiú a gcuid finnéithe go léir, cuireann foireann na cosanta tús lena gcás féin.

Is féidir leo roinnt rudaí a dhéanamh.

- Is féidir leo finnéithe a ghlaoch chun tacú leis an gcosaint. Má dhéantar amhlaidh is féidir leis an ionchúiseamh finnéithe na cosanta a chroscheistiú.
- Is féidir leo an cúisí a ghlaoch chun fianaise a thabhairt. Má dhéantar amhlaidh is féidir leis an ionchúiseamh an cúisí a chroscheistiú.

- Is féidir leo a rá nach bhfuil an cás cruthaithe ag an ionchúiseamh. Is féidir seo a dhéanamh mar nach mór don ionchúiseamh, de réir an dlí, a chruthú go bhfuil an cúisí ciontach, ach ní gá don chúisí a chruthú go bhfuil sé/sí neamhchiontach. Ní cheadaítear don ghiúiré glacadh leis, i gcás nach dtugann cúisí fianaise, go bhfuil sé/sí ciontach.

An fíorasc a bhreithniú

Nuair a bhíonn foirne an ionchúisimh agus na cosanta críochnaithe lena gcuid finnéithe:

- cuireann siad a gcás i láthair an ghiúiré;
- tugann an breitheamh achoimre ar an bhfianaise, míníonn sé/sí an dlí don ghiúiré agus ínsíonn sé/sí don ghiúiré cad atá le breithniú le go bhféadfaidh siad teacht ar a gcinneadh deiridh nó 'fíorasc'; agus
- téann an giúiré chun a seomra chun fíorasc a bhreithniú.

Má fhaightear an cúisí neamhchiontach, tá sé/sí saor chun imeacht. Mura mbíonn an giúiré in ann teacht ar chomhaontú maidir le fíorasc, caithfidh an DPP cinneadh a dhéanamh i dtaobh an chóir triail nua a bheith ann. Má fhaigheann an giúiré an cúisí ciontach, caithfidh an breitheamh an phianbhreith a chinneadh.

Pianbhreith a ghearradh ar an gcúisí

Ní móide go ndéanfadh an breitheamh cinneadh faoin bpianbhreith sin láithreach. Is iondúil go socraíonn an breitheamh dáta is faide anonn d'fhógairt na pianbhreithe. Sin ionas gur féidir le hoifigigh phromhaidh, oibrithe sóisialta, dochtúirí, síciatraithe nó na Gardaí – ag brath ar gach cás ar leithligh – tuarascálacha a ullmhú.

Cabhraíonn na tuarascálacha sin leis an mbreitheamh cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpianbhreith. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh Ráiteas maidir le Tionchar ar Íospartach ann. Déantar cur síos sa ráiteas ar an éifeacht a bhí ag an gcion ar an íospartach. Tá an bileoigín faisneise 'Ráiteas Tionchair Íospartaigh a Dhéanamh' ar fáil ar an láithreán gréasáin ag an Oifig ag www.dppireland.ie.

13. An bhfuil aon chúis ann nach leanfaí ar aghaidh le triail?

Uaireanta ní féidir leanúint ar aghaidh le triail ar an dáta a bhíonn socraithe ar chúiseanna éagsúla, mar shampla:

- ní bhíonn finné tábhachtach ar fáil mar gheall ar bhreoiteacht;
- ní bhíonn foireann dlí na cosanta réidh le leanúint ar aghaidh;
- bíonn liosta na cúirte lán agus ní bhíonn aon bhreitheamh ná cúirt réidh chun déileáil leis an gcás; nó
- bíonn tús curtha ag an bhfoireann cosanta le 'hathbhreithniú breithiúnach' chun stop a chur le leanúint ar aghaidh na trialach.

14. Cad is athbhreithniú breithiúnach ann?

Tá cineálacha éagsúla athbhreithnithe breithiúnacha ann. Le cineál coitianta, iarrann an cúisí ar an Ard-Chúirt stop a chur le cúirt na trialach nó leis an DPP leanúint ar aghaidh leis an triail. Mar shampla, iarrann duine cúisithe ar an Ard-Chúirt stop a chur leis an triail mar gheall ar na nithe a leanas:

- gur thóg imscrúdú nó ionchúiseamh na coireachta ró-fhada; nó
- go raibh an oiread sin de mhoill sa chás nach féidir leis an gcúisí triail chothrom a fháil.

Má aontaíonn na Cúirteanna an triail a stopadh, scaoiltear saor an cúisí. Fiú amháin mura n-éiríonn le hathbhreithniú breithiúnach, d'fhéadfadh sé moill an-fhada a chur leis an triail.

Cúnamh d'fhinnéithe agus d'íospartaigh

15. Cén cúnamh a bheidh ar fáil domsa más gá dom fianaise a thabhairt mar íospartach coireachta?

Oibreoidh an t-aturnae ionchúisimh i gcomhar leis na Gardaí lena chinntiú go mbíonn tú ar an eolas i gcónaí i dtaobh cad a bhíonn ag tarlú sa chás.

Tá roinnt eagraíochtaí ann freisin a chuireann cúnamh ar fáil duit trí sheirbhís tacaíochta cúirteanna. Ciallaíonn sin go dtiocfaidh oibrí deonach chun na cúirte in éineacht leat, dá mba mhian leat é, agus go bhfanfaidh sé nó sí i do chomhluadar an t-am ar fad. Tugann an Líne Cabhrach d'Íospartaigh Choireachta, a chuireann seirbhís tacaíochta ar an teileafón ar fáil d'íospartaigh choireachta, mionsonraí teagmhála duit maidir le seirbhís tacaíochta cúirte agus seirbhísí tacaíochta eile d'íospartaigh. Is féidir glaoch ar an Líne Cabhrach d'Íospartaigh Choireachta ar teilafóin saor in aisce 116 006 nó is féidir téacs a sheoladh chuig 085 133 7711.

16. Cén cúnamh a bheidh ar fáil domsa maidir leis an gcostas dul chuig an gcúirt chun fianaise a thabhairt?

Is iad na Gardaí a bhíonn freagrach as costais fhinnéithe a íoc. Sin an costas a bhaineann leatsa ag teacht chun na cúirte chun fianaise a thabhairt. D'fhéadfadh go mbeadh costais taistil, béilí agus, i roinnt cásanna, lóistín, i gceist leis na costais.

Is é/í Ceannfort (Oifigeach Dúiche) na nGardaí sa cheantar ina dtógtar an gcás a íocann na costais leatsa. Féadfaidh an Garda a bhíonn ag plé le do chás é sin a shocrú duit. D'fhéadfadh seisean nó sise admhálacha airgeadais a iarraidh maidir le do chuid costais.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go mbeifeá in ann réamhíocaíocht a fháil maidir le costais sula dtosaíonn an cás ionas go mbíonn ar do chumas taisteal go dtí an chúirt.

17. Sa chás go mbeidh fianaise á tabhairt agam mar íospartach, an mbuailfidh mé le foireann an ionchúisimh roimh an triail?

De ghnáth, beidh tú in ann bualadh le foireann an ionchúisimh ag cruinniú roimh an triail. Is leis an nGarda a bhíonn i mbun an ionchúisimh, an t-aturnae ionchúisimh agus an abhcóide a bhíonn ag plé leis an gcás a bhíonn an cruinniú roimh an triail. I gcásanna níos tromchúisí, mar shampla cionta gnéasacha tairgfidh an t-aturnae ionchúisimh cruinniú den sórt sin a shocrú duit sula gcuirfear tús leis an triail.

Sa chás gur mhaith leat cruinniú agus nár tairgeadh sin duit fós, ba chóir duit sin a rá leis an nGarda a bhíonn ag breathnú amach don chás. Rachaidh an Garda i dteagmháil le hOifig an DPP nó leis an t-aturnae stáit áitiúil chun an cruinniú a shocrú.

18. Cad a tharlaíonn ag an gcruinniú roimh an triail?

Tugann cruinniú roimh an triail deis don abhcóide agus don aturnae míniú a thabhairt duit ar cad a tharlaíonn sa chúirt. Ach tá rialacha daingin ann a choisceann iad labhairt leat faoin bhfianaise a thabharfaidh tú. Ciallaíonn sé sin nach féidir le duine ar bith a éileamh gur dúradh leat cad ba chóir duit a rá sa chúirt.

19. Sa chás gur íospartach coireachta mé, an féidir liom taifead i scríbhinn den triail a fheiceáil?

Tugtar scríbhinn ar thaifead i scríbhinn na trialach. D'fhéadfadh go dtabharfaí an scríbhinn d'fhoirne an ionchúisimh agus na cosanta tar éis na trialach a bheith críochnaithe agus sa chás go mbeadh achomharc i gceist. Ní féidir le haon duine ach amháin an breitheamh a rá go bhfuil cead agat an scríbhinn a fheiceáil.

20. Cad a tharlaíonn mura dteastaíonn uaim a bheith sa seomra cúirte in éineacht leis an gcúisí agus mo chuid fianaise á tabhairt agam?

Sa chás gur íospartach coire thú, féadfaidh an Garda Síochána nó an fhoireann ionchúisimh iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun a iarraidh an ceadmhach duit do chuid fianaise a thabhairt trí fhísnasc nó nach ceadmhach. Déanfaidh siad é sin má mheasann siad gurbh fhearr duit do chuid fianaise a thabhairt ar an mbealach sin. Má chinneann an breitheamh gur ceadmhach duit é a dhéanamh, fágfaidh sé sin go mbeidh tú in ann do chuid fianaise a thabhairt gan an duine cúisithe a fheiceáil.

Tá roinnt tairbhí ag baint le físnasc:

- Tugann tú do chuid fianaise os comhair ceamara in ionad eile d'fhoirgneamh na cúirte atá scoite amach ón seomra cúirte.
- Is féidir leis an bhfoireann dlí ceisteanna a chur ort amhail is dá mbeifeá i do shuí os a gcomhair.
- Feicfidh na daoine sa chúirt thú ar scáileán teilifíse agus do chuid fianaise á tabhairt agat. Ní fheicfidh tú ach an duine atá ag cur na gceisteanna ort, agus ní an duine cúisithe, áfach.

21. Sa chás gur íospartach coireachta mé, an mbeidh rochtain agam ar sheirbhísí ateangaireachta nó aistriúcháin má theastaíonn uaim iad?

Beidh. Mar íospartach, beidh an ceart agat chun seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta a fháil roimh an gcás cúirte agus lena linn. Má theastaíonn na seirbhísí sin uait, ba cheart duit an méid sin a chur in iúl do na Gardaí chun go mbeifear in ann na seirbhísí a chur i bhfeidhm. I gcásanna áirithe, is féidir nach n-iarrfaidh an t-íospartach na seirbhísí sin. Mar sin féin, má mheasann na Gardaí, an fhoireann ionchúisimh nó an chúirt go dteastaíonn siad uait, gheobhaidh siad na seirbhísí sin duit. Cabhróidh sé sin leat a thuiscint cad atá ag tarlú agus cabhróidh sé leis an bhfoireann ionchúisimh agus leis an gcúirt tú a thuiscint.

22. Sa chás gur íospartach coire mé, an féidir liom dlíodóir a fháil chun ionadaíocht a dhéanamh dom sa chúirt?

Ní féidir. Ní féidir le dlíodóir ionadaíocht a dhéanamh duit ach amháin sa chás gur íospartach ciona ghnéasaigh

thromchúisigh thú agus gur mian le foireann na cosanta tú a chroscheistiú maidir le do chúlra gnéasach. Ní fhéadfaidh foireann na cosanta é sin a dhéanamh ach amháin má thugann an breitheamh cead di déanamh amhlaidh. Féadfaidh dlíodóir ionadaíocht a dhéanamh duit sa chúirt i gcás go bhfuil foireann na cosanta ag iarraidh cead ina leith sin ón mbreitheamh.

I gcás gur íospartach ciona ghnéasaigh íospartaigh thú, cuirfidh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil dlíodóir ar fáil duit saor in aisce. Socróidh an dlíodóir ionchúisimh atá ag plé le do chás é sin duit. Buailfidh do dhlíodóir leat sula ndéanfaidh foireann na cosanta iarratas chun tú a chroscheistiú. Beidh do dhlíodóir sa chúirt freisin nuair a inseoidh an breitheamh d'fhoireann na cosanta cé acu atá nó nach bhfuil cead aici tú a chroscheistiú.

Má thugann an breitheamh cead tú a chroscheistiú, ní fhéadfaidh do dhlíodóir ionadaíocht a dhéanamh duit le linn an chroscheistiúcháin é féin. Mar sin féin, ba cheart don bhreitheamh a chinntiú gurb amhlaidh, le linn di tú a chroscheistiú, go bhfanann foireann na cosanta laistigh de na teorainneacha ar shocraigh an chúirt iad.

23. An dtabharfar m'ainm go poiblí nuair a thugaim mo chuid fianaise?

Ní féidir d'aitheantas a choimeád faoi cheilt de ghnáth nuair a thugann tú fianaise. Is amhlaidh sin mar go leagtar síos i mBunreacht na hÉireann gur cheart gach cás a sheoladh go poiblí mura ndéantar eisceacht leis an dlí. Féadfar déanamh amhlaidh le haghaidh cineálacha áirithe cásanna, mar shampla:

- éigniú agus roinnt cásanna ciona ghnéasaigh;
- cásanna ina bhfuil an cúisí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Sna cásanna sin, seoltar trialacha gan an pobal a bheith i láthair. Fágann sé sin nach mbeidh ach na daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcúirt ann sa seomra cúirte agus do chuid fianaise á tabhairt agat. Is féidir go mbeidh iriseoirí ann sa seomra cúirte freisin. Ní fhéadfaidh iriseoirí ainm an duine chúisithe ná ainm an íospartaigh a thuairisciú. Ní fhéadfaidh siad ach oiread rud ar bith a scríobh a d'fhéadfadh cabhrú le daoine a n-ainm a fháil amach. Is ciontach i gcion coiriúil atá aon iriseoir a bhriseann na rialacha sin.

24. An dtabharfar ainm an duine chúisithe go poiblí?

Is saincheist chasta í sin agus ní féidir cuntas iomlán ar an dlí a thabhairt anseo.

I roinnt cásanna, ní féidir ainm a thabhairt go poiblí ar chor ar bith. Mar shampla, i gcásanna lena mbaineann éigniú, tá an ceart ag daoine cúisithe chun a n-ainm a choinneáil príobháideach mura bhfaightear iad a bheith ciontach. Fágann sé sin nach féidir dada a rá chun an cúisí a shainaithint roimh an mbreith. Ní féidir aitheantas duine chúisithe a fhaightear neamhchiontach a nochtadh.

Má fhaightear an cúisí a bheith ciontach, is féidir gur mian le roinnt íospartach go dtabharfaí ainm an chúisí go poiblí. Is minic a tharlaíonn sé, áfach, go nochtfar aitheantas an íospartaigh go poiblí má ainmnítear an duine ciontach. Dá ainneoin sin, cinneann roinnt íospartach gur mian leo go n-ainmneofaí an duine ciontach. Más mian leat go dtarlódh sé sin, ba cheart duit an méid sin a chur in iúl don dlíodóir ionchúisimh.

Más íospartach thú, ba cheart duit, sula gcinneann tú cad a dhéanfaidh tú, smaoineamh go cúramach ar na hiarmhairtí a bheidh ann duit i gcás go n-ainmneofar an duine

ciontach. Is féidir gur dea-smaoineamh é do chomhairle dlí féin ina leith sin a fháil.

25. Sa chás gur íospartach coire mé, conas a fhaigheann an breitheamh amach cén éifeacht a bhí ag an gcoir orm?

Nuair atá pianbhreith á cinneadh ag breitheamh, tá sé tábhachtach gurb eol dó/di cén éifeacht a bhí ag coir ar íospartach. Féadfaidh tú Ráiteas Tionchair Íospartaigh a dhéanamh a luaithe a fhaightear an cúisí ciontach nó a phléadálann sé/sí ciontach. Déantar cur síos sa ráiteas sin ar conas a chuaigh an choir i bhfeidhm ort agus ar conas atá sí ag dul i bhfeidhm ort fós. Tá bileog faisnéise ar 'Ráiteas Tionchair Íospartaigh a Dhéanamh' ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.dppireland.ie.

26. Sa chás gur íospartach coire mé, an bhfuil sé de cheart agam cúiteamh a fháil?

De réir an dlí, d'fhéadfadh go mbeadh ceart agat chun airgead a fháil i leith aon díobhála pearsanta nó aon chaillteanais phearsanta a d'fhulaing tú de bharr an chiona. Tá roinnt teorainneacha leis sin, áfach:

- Is faoin mbreitheamh atá sé ordú a thabhairt don duine a fhaightear ciontach cúiteamh a íoc leat.
- Ní mór don bhreitheamh a sheiceáil ar dtús an bhfuil an duine in ann cúiteamh a íoc leat nó nach bhfuil. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh an breitheamh den tuairim nárbh fhiú ordú a thabhairt do dhuine dífhostaithe cúiteamh a íoc.
- Ní bheidh an méid airgid a gheobhaidh tú níos mó ná an méid a d'fhéadfá a fháil tar éis éileamh sibhialta a dhéanamh sa chúirt chéanna.

D'fhéadfadh go n-íocfadh an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla cúiteamh mar gheall ar dhíobháil phearsanta atá ina toradh díreach ar choir fhoréigneach (féach na sonraí teagmhála ar leathanach 29).

Cás a achomharc

27. An bhféadfaidh an cúisí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chiontaithe nó na pianbhreithe?

Féadfaidh. Féadfaidh an cúisí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chiontaithe nó na pianbhreithe.

Má seoladh an triail i gCúirt Dúiche, féadfaidh an cúisí:

- achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda i gcoinne an chiontaithe nó na pianbhreithe; agus
- athéisteacht iomlán a fháil ar an gcás, rud a fhágann go mbeadh ort dul chun na cúirte arís mar fhinné.

Má seoladh an triail sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó sa Chúirt Choiriúil Speisialta, féadfaidh an cúisí achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil i gcoinne na pianbhreithe nó an chiontaithe. Sa chúirt sin:

- suíonn breitheamh den Chúirt Uachtarach agus beirt bhreithiúna den Ard-Chúirt le chéile chun an t-achomharc a éisteacht; agus
- léann na breithiúna tras-scríbhinn den triail bhunaidh in ionad an fhianaise a éisteacht arís.

Más amhlaidh go bhfuil an cúisí sa phríosún, ní mór dó/di fanacht sa phríosún de ghnáth agus é/í ag fanacht leis an gcás a bheith ann sa Chúirt Achomhairc Choiriúil.

28. An bhféadfaidh an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne na pianbhreithe?

Féadfaidh. Féadfaidh an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne na pianbhreithe ach ní fhéadfar déanamh amhlaidh ach amháin i gcás gur seoladh an triail sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Ní fhéadfaidh an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreith ón gCúirt Dúiche.

Féadfaidh an DPP iarraidh ar an gCúirt Achomhairc Choiriúil athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith a mheasann sí a bheith 'trócaireach go míchuí'. Ní mór don DPP athbhreithniú ar phianbhreith a iarraidh laistigh de 28 lá ón dáta ar ar ghearr an breitheamh an phianbhreith. I roinnt cásanna, féadfaidh an DPP iarratas a dhéanamh ar bhreis ama chun athbhreithniú a iarraidh ach ní rachaidh an tréimhse sin thar 56 lá ó dháta na pianbhreithe.

29. Cé a fhéadfaidh iarraidh ar an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreith atá trócaireach go míchuí?

Féadfaidh tú iarraidh ar an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreithe má bhaineann na nithe seo a leanas leat:

- is íospartach coire thú;
- is duine muinteartha le híospartach coire thú;
- is dochtúir, dlíodóir nó oibrí sóisialta atá ag gníomhú thar ceann cliaint thú.

30. Conas a dhéanann breithiúna cúirte achomhairc athbhreithniú ar phianbhreith?

Léifidh breithiúna cúirte achomhairc an taifead i scríbhinn ar thriail chun na húdair a bhí ag breitheamh na trialach le

pianbhreith áirithe a ghearradh a thuiscint. Ní mheasfaidh siad pianbhreith a bheith 'trócaireach go míchuí' ach amháin má chreideann siad go raibh breitheamh na trialach mícheart de réir an dlí pianbhreith chomh bog sin a ghearradh.

Ní fhéadfar achomharc a sheoladh ach amháin i líon beag cásanna.

Gearáin

31. An bhféadfaidh mé gearán a dhéanamh le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí?

Féadfaidh. Má tá gearán agat faoin dóigh a n-oibrímid, féadfaidh tú scríobh chugainn ag ár nOifig. Tá ár sonraí teagmhála ar fáil ar leathanach 27.

Conas teagmháil a dhéanamh le hOifig an DPP

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifig mar seo a leanas:

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
Teil: (01) 858 8500
Faics: (01) 642 7406
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

An tAonad Idirchaidrimh Íospartach
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
Teil.: (01) 858 8444 (uaireanta oibre)
Facs: (01) 642 7406
Suíomh Gréasáin: www.dppireland.ie

An Príomh-Aturnae Ionchúisimh
Rannán na nAturnaetha
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
Teil: (01) 858 8500
Faics: (01) 642 7406
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

Aturnaetha Stáit Áitiúla
Is féidir leatsa mionsonraí teagmhála do gach aturnae stáit áitiúil ar fud na tíre a fháil ón Oifig ag (01) 858 8500 agus ar an láithreán gréasáin sin againn ag www.dppireland.ie.

Teagmhálacha úsáideacha eile

Líne Cabhrach d'Íospartaigh Choireachta

Teil: Teilafóin saor in aisce 116 006
Téacs: 085 133 7711
Ríomhphost: info@crimevictimshelpline.ie
Láithreán Gréasáin: www.crimevictimshelpline.ie

Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh

Is féidir leatsa teagmháil a dhéanamh leis an Líne Cabhrach d'Íospartaigh Choireachta (féach thuas) chun mionsonraí a fháil maidir le tacaíocht sa chúirt agus seirbhísí tacaíochta eile d'íospartaigh.

An tSeirbhís Chúirteanna

Oifig Eolais
Teach an Fhionnuisce
15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
Teil: (01) 888 6000
Faics: (01) 873 5250
Láithreán Gréasáin: www.courts.ie

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

94 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 602 8202
Faics: (01) 661 5461
Láithreán Gréasáin: www.justice.ie

Oifig Íospartaigh na Coireachta
An Coimisiún chun Tacú le Fulaingeoirí Coiriúlachta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
2ú Urlair
7-11 Cúirt Montague
Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 476 8686
Faics: (01) 476 8619
Láithráin Gréasáin: www.victimsofcrimeoffice.ie
www.csvc.ie

An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla
2ú Urlair
7-11 Cúirt Montague
Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 476 8670
Faics: (01) 476 8616
Láithreán Gréasáin: www.justice.ie

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
Sráid na Céibhe
Cathair Saidhbhín
Co. Chiarraí
Teil: (066) 947 1000
Faics: (066) 947 1035
Láithréan Gréasáin: www.legalaidboard.ie

Tuilleadh faisnéise

Féadfaidh tú cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin, www.dppireland.ie, chun teacht ar bhreis faisnéise, leabhráin agus bileoga faisnéise ina measc, faoin méid a leanas:

- Ról an DPP
- Conas a dhéanaimid cinntí faoi ionchúiseamh
- Conas Cúiseanna agus Athbhreithnithe a Iarraidh
- Ráiteas Tionchair Íospartaigh a Dhéanamh
- Ag eisiúint mo chuid taifead comhairleoireachta
- Cairt Íospartach
- Beartas Gearán